Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8868/20**

**COTER 42**
**CT 42**
**COPS 192**
**RELEX 452**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8742/20 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais i ndáil leis an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais i ndáil leis an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac a formheasadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 15 Meitheamh 2020.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais i ndáil leis an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac

***Réamhrá***

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici saoránaigh an Aontais a chosaint ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach de gach cineál, cibé bunús atá leo. Agus an méid sin á dhéanamh, tá sí tiomanta i gcónaí leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht sheachtrach fheabhsaithe an Aontais i réimse na frithsceimhlitheoireachta agus den radacú a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac. I bhfianaise cineál síorathraitheach na mbagairtí ón sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, tá sé beartaithe ag an gComhairle nuashonrú a dhéanamh ar na conclúidí uaithi roimhe seo maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais chun an sceimhlitheoireacht agus an radacú a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus a chosc.

2. Tá na conclúidí seo comhlántach le agus forbraíonn siad na conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht sheachtrach an 9 Feabhra 2015 agus an 19 Meitheamh 2017. Is iad na trí thacar conclúidí sin, le chéile, bunchloch rannpháirtíocht an Aontais amach anseo, i gcomhréir le Straitéis Frithsceimhlitheoireachta 2005 an Aontais Eorpaigh, leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil agus le Straitéis Dhomhanda 2016 an Aontais, ina meabhraítear go mbraitheann an tslándáil sa bhaile ar an tsíocháin agus ar an gcobhsaíocht i gcéin.

3. In éineacht le hiarrachtaí níos leithne taidhleoireachta, forbartha, slándála agus daonnúla, ag obair mar ghníomhaí cobhsaíochta i gcomharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin, is ionstraim ríthábhachtach í gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus a Bhallstát chun leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda agus chun dóigh bheatha a saoránach a chosaint mar a shainítear í i gClár Straitéiseach na Comhairle Eorpaí 2019-2024.

4. Ag cur leis an dul chun cinn atá bainte amach i ndáil le hionstraimí airgeadais agus uirlisí taidhleoireachta Eorpacha a fheabhsú, a chomhtháthú agus a úsáid, leis an gcomhar idir na Ballstáit agus institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais a dhoimhniú agus leis an gcomhar le príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta a neartú, iarrann an Chomhairle go ndéanfar rannpháirtíocht agus gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i ndáil leis an bhfrithsceimhlitheoireacht a neartú a thuilleadh sna réimsí tosaíochta geografacha agus téamacha a leagtar amach thíos. Leagtar béim sna conclúidí sin ar na bagairtí ón sceimhlitheoireacht, dírítear iontu ar na háiteanna geografacha ar cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh iontu, sainaithnítear na réimsí tosaíochta don ghníomhaíocht agus cuirtear in iúl a thábhachtaí atá comhar idirnáisiúnta feabhsaithe.

***Bagairt shíorathraitheach na sceimhlitheoireachta***

5. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an sceimhlitheoireacht ag síorathrú i gcónaí agus go gcaithfidh an tAontas agus na Ballstáit oiriúnú dá réir. Tá an bhagairt ó Da'esh agus al-Qaeda agus a gcleamhnaithe fós ard. In ainneoin gur saoradh an chríoch sa tSiria agus san Iaráic óna smacht, tá Da'esh fós i láthair sa dá thír agus d'fhéadfadh sé leas a bhaint as an staid slándála atá ag dul in olcas sa réigiún chun dul ó neart go neart an athuair. Caithfidh an pobal idirnáisiúnta iad féin a mhúscailt mar sin. Agus straitéisí éagsúla á bhfiosrú acu, tá Da'esh agus al-Qaeda araon ag iarraidh an tionchar atá acu a choinneáil, a gcuid gníomhaíochtaí a leathnú agus an idé-eolaíocht Ioslamach antoisceach fhoréigneach atá acu a scaipeadh ar leibhéal domhanda i bhfoirmeacha éagsúla trí bhrainsí áitiúla agus réigiúnacha ar fud an domhain. Chuige sin, tá siad ag brath níos mó agus níos mó ar ardáin ar líne, atá níos riachtanaí fós chun bolscaireacht sceimhlitheoireachta a scaipeadh, chun ionsaithe a spreagadh, a threorú agus a stiúradh, agus chun an radacú a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a chur chun cinn. Iarrann an Chomhairle, mar sin, go dtabharfaí aghaidh ar na bunchoinníollacha a spreag teacht chun cinn Da'esh agus al-Qaeda.

6. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil dul chun cinn na sceimhlitheoireachta fós ina ábhar imní i réigiún na Meánmhara agus na hAfraice Thuaidh, i réigiún na Saiheile/na hAfraice Thiar agus i réigiún Loch Shead. Tá an sceimhlitheoireacht fós ag dul ar aghaidh gan staonadh i gCorn na hAfraice, áit ar léir go bhfuil al-Shabaab ag dul ó neart go neart, ina bhfuil Da'esh fós i láthair agus ina bhfuil grúpaí sceimhlitheoireachta ag scaipeadh níos faide chuig lár agus deisceart na hilchríche. Tá dóchúlacht ann go leanfaidh na dúshláin a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú a ghineann an sceimhlitheoireacht de bhrú a chruthú san Áise Láir agus go leanfaidh an Afganastáin, go háirithe, d'fhulaingt ón neamhchobhsaíocht agus ón sceimhlitheoireacht in ainneoin iarrachtaí leanúnacha ar mhaithe leis an tsíocháin. Tá ionsaithe sceimhlitheoireachta á ndéanamh san Áise Theas agus tá grúpaí sceimhlitheoireachta ag iarraidh greim a fháil san Áise Thoir Theas agus sna Balcáin Thiar chomh maith.

7. Ag an am céanna, éilíonn dúshláin thábhachtacha eile tuilleadh gníomhaíochta diongbháilte, amhail: trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a thabhairt faoi réim an cheartais agus a ngluaiseacht a chosc, go háirithe trasnuithe neamhbhraite ar theorainneacha an Aontais; aghaidh a thabhairt ar an méadú atá tagtha ar an radacú sa bhaile agus a bheith réidh don bhagairt sheasmhach a bhaineann le cealla rúnda sceimhlitheoirí agus gníomhairí aonair; faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar dhaoine aonair a scaoiltear tar éis seal a chaitheamh sa phríosún as coireanna sceimhlitheoireachta; oiriúnú do na forbairtí i sciúradh airgid agus i maoiniú na sceimhlitheoireachta; saothrú na bhforbairtí gasta teicneolaíochta a mhaolú; dul i ngleic le bagairtí éiritheacha agus hibrideacha don eitlíocht, do bhonneagar criticiúil agus do spásanna poiblí; agus aghaidh a thabhairt ar scaipeadh na hidé-eolaíochta Ioslamaí antoiscí foréigní agus ar theacht chun cinn an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta arb í an pholaitíocht is cúis leis, go háirithe i bhfianaise líon na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta arna ndéanamh ag dreamanna atá i bhfad amach ar an eite dheas, líon atá ag dul i méid i gcónaí.

8. Thairis sin, ós rud é gur dúshlán nach bhfacthas a leithéid cheana é paindéim COVID-19 agus go mbeidh éifeachtaí fadréimseacha nach bhfeicfear go hiomlán ach san fhadtéarma, ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh sé a imirt ar gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus ar chosc agus comhrac na sceimhlitheoireachta, agus chun gníomhaíocht spriocdhírithe fhéideartha an Aontais a aithint.

9. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí gníomhaíochtaí sonracha sna limistéir geografacha agus réimsí téamacha seo a leanas mar ábhar tosaíochta chun iarrachtaí comhiomlánaithe an Aontais sa fhrithsceimhlitheoireacht a chomhlánú, a fheabhsú agus a chomhordú níos fearr.

***An comhar a neartú le príomhthíortha/réigiúin***

10. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an tAontas tar éis dul i mbun idirphlé polaitiúil maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht le tíortha agus réigiúin chomhpháirtíochta tosaíochta, rud a chumasaigh glacadh pleananna gníomhaíochta sonracha agus clár comhair. Aithníonn sí an ról tábhachtach atá ag Líonra Shaineolaithe Frithsceimhlitheoireachta/Slándála an Aontais chuige sin, chomh maith leis an ngá atá ann an líonra sin a neartú a thuilleadh.

11. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé a príomhbhéim a choinneáil ar an gcomharsanacht is cóngaraí di, rud atá nasctha go sonrach le slándáil inmheánach an Aontais. Ba cheart béim ar leith a chur mar sin ar chomhar níos struchtúrtha maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach a chosc nó a chomhrac le tíortha agus le réigiúin as a dtagann na bagairtí is dírí ar shlándáil na hEorpa agus a bhfuil an gá is mó acu le cúnamh.

12. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas Eorpach an comhar leis na comhpháirtithe sna Balcáin Thiar a chur chun cinn i gcomhréir le Dearbhú Shóifia an 17 Bealtaine 2018, Dearbhú Shágraib an 6 Bealtaine 2020 agus plean comhpháirteach gníomhaíochta frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh agus na mBalcán Thiar. Iarrann sí freisin ar an Aontas na comhpháirtíochtaí frithsceimhlitheoireachta atá ann cheana a chur chun feidhme agus iad a choigeartú i gcás inar gá agus an comhar frithsceimhlitheoireachta a dhoimhniú, lena n-áirítear le tíortha comhpháirtíochta ábhartha eile san Afraic Thuaidh agus sa Mheánoirthear, leanúint den idirphlé rialta spriocdhírithe uasghrádaithe maidir leis an tslándáil agus an fhrithsceimhlitheoireacht leis na comhpháirtithe sin agus cabhrú le dul i ngleic leis na saincheisteanna bunúsacha as ar eascair Da'esh.

13. Ba cheart don Aontas leanúint dá láithreacht sa tSaiheil a threisiú i bhfianaise na bagartha méadaithí atá ann agus an riosca aicídithe i ndáil le tíortha cósta na hAfraice Thiar agus, ar bhonn níos ginearálta, dul i ngleic le scaipeadh méadaitheach síorathraitheach na sceimhlitheoireachta laistigh den ilchríoch, amhail i gCorn na hAfraice agus i dtíortha eile san Afraic ina bhfuil méadú ag teacht ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta. Mar gheall ar staid fhoriomlán na bagartha, éilítear gur cheart don Aontas a bheith oscailte do rannpháirtíocht frithsceimhlitheoireachta agus d'fhor-rochtain le tíortha i réigiúin eile a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo maidir le slándáil na hEorpa, amhail an Áise Láir, an Áise Theas agus Áise Thoir Theas.

14. Creideann an Chomhairle go láidir gur cheart an radacú a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a shruthlíniú sa chlársceidealú cúnaimh forbartha, i gcás inarb iomchuí, chomh maith le straitéisí tírshonracha agus réigiúnacha.

***<u>Freagairt an Aontais a neartú maidir le príomh-shaincheisteanna leathana</u>***

*a) An dlí idirnáisiúnta, cearta an duine agus an smacht reachta*

15. Á meabhrú di na conclúidí uaithi maidir le tosaíochtaí an Aontais i bhfóraim na Náisiún Aontaithe an 17 Feabhra 2020, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór go gcomhlíonfaí bunluachanna an Aontais le gach beart frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear an smacht reachta, agus go gcomhlíonfaí an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe.
Chuige sin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do chearta an duine agus do phrionsabail an dlí idirnáisiúnta ar bhonn gníomhach agus dá gcur chun cinn, i ngach gné de na hiarrachtaí domhanda frithsceimhlitheoireachta agus i ngach ceann dá chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear sna hathbhreithnithe rialta ar Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe.

*b) Trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta*

16. Aithníonn an Chomhairle go mbeidh trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta ina mórdhúshlán comhchoiteann slándála sna blianta atá le teacht. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dul chun cinn a rinneadh de bhun rúin 2178 (2014) agus 2396 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus meabhraítear di na spriocanna bunaidh maidir le taisteal a chosc chun críoch sceimhlitheoireachta agus cuntasacht a áirithiú as gach coir a dhéantar, agus cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta agus dlí an Aontais is infheidhme á gcomhlíonadh go hiomlán. Comhar agus comhroinnt faisnéise tráthúil feabhsaithe, i measc na mBallstát, le INTCEN, le Europol, le Eurojust agus le Interpol de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus le tíortha comhpháirtíochta, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus lena n-áirítear acmhainneacht na dtíortha sin a neartú chun cur le bunachair sonraí Interpol agus iad a úsáid chun taisteal a chosc agus le haghaidh ionchúisimh, beidh sin ina dhlúthchuid den iarracht sin.
Tá an tAontas réidh chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt do na tíortha comhpháirtíochta tosaíochta is mó a ndéanfaidh feiniméan na 'bhfillithe' difear dóibh, chun cabhrú leo déantóirí na coire a thabhairt faoi réim an cheartais, dul i ngleic leis an radacú a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht i bpríosúin , agus tacú le gníomhaíochtaí athshlánaithe agus athimeasctha, lena n-áirítear i gcás baill teaghlaigh, chomh maith le seirbhísí speisialaithe chun leanaí a fhilleadh.

*c) Cur chuige an cheartais choiriúil i leith na sceimhlitheoireachta, faisnéis ón láthair catha agus fianaise leictreonach*

17. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cur chuige an cheartais choiriúil i leith na sceimhlitheoireachta agus an gá atá ann slabhra an cheartais choiriúil atá i gcomhréir le cearta an duine ar fud an domhain a neartú, lena n-áirítear seirbhísí slándála, imscrúduithe agus ionchúisimh, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh aon uair is féidir faisnéis ón láthair catha a chur ar fáil agus ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin inúsáidte do na húdaráis inniúla agus do na breithiúna sna Ballstáit chun rialú teorann éifeachtach a áirithiú agus chun tacú le déantóirí sceimhlitheoireachta a ionchúiseamh go héifeachtach.

De bhreis ar an gcomhar tábhachtach déthaobhach le príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha, d'fhéadfaí tuilleadh comhair agus comhordaithe a fhorbairt le comhpháirtithe idirnáisiúnta ábhartha eile de réir mar is iomchuí agus aird chuí á tabhairt ar chreat institiúideach an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá feabhas a chur ar chaomhnú agus ar tharchur fianaise leictreonaí le linn imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla trasteorann a bhfuil baint acu le cásanna sceimhlitheoireachta. Ní mór an ghníomhaíocht ar fad i ndáil leis an tsaincheist seo a bheith comhsheasmhach leis na prionsabail a bhaineann le hIdirlíon saor, oscailte agus slán gan cearta an duine ná saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse tuairimí a nochtadh, nó cosaint sonraí pearsanta a chur i mbaol.

*d) Maoiniú na sceimhlitheoireachta*

18. Tugann an Chomhairle dá haire na conclúidí maidir le tosaíochtaí straitéiseacha i ndáil le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a glacadh an 5 Nollaig 2019 agus cuireann sí i bhfios go láidir an athuair a ríthábhachtaí atá sé go gcoinneofaí tiomantas láidir idirnáisiúnta do stop a chur le foinsí maoinithe sceimhlitheoireachta.

Is díol sásaimh di gur glacadh Rún 2462 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, ar céim mhór é i dtreo creat idirnáisiúnta cuimsitheach a bhunú sa réimse seo. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go hiomlán leis an obair atá déanta ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) chun caighdeáin a fhorbairt agus cur chun feidhme éifeachtach beart dlíthiúil, rialála agus oibríochtúil a chur chun cinn.

Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus í a threisiú agus tacaíocht a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta tosaíochta chun feabhas a chur lena n-acmhainneacht cloí leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, le moltaí FATF, le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus le clár oibre Pháras a glacadh le linn an chéad eagrán den chomhdháil *'No Money For Terror'* a tionóladh an 25-26 Aibreán 2018. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go neartófaí acmhainneachtaí na dtíortha sócmhainní sceimhlitheoirí a choigistiú. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil dúshláin ag baint le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac amhail: saothrú aistrithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla airgid nó luacha, lena n-áirítear seoltáin; cineálacha nua íocaíochtaí amhail r-airgead, a bhfuil cripti-teicneolaíocht agus teicneolaíocht bhlocshlabhra ag baint leo; agus maoiniú na sceimhlitheoireachta ón ngáinneáil ar dhrugaí agus airm thine a smuigleáiltear ó limistéir choinbhleachta.

Ina theannta sin, agus á tabhairt ar aird go bhfuil ioncaim ó thrádáil agus ó gháinneáil aindleathach maoine cultúrtha á ghiniúint ag grúpaí sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear maoin a ghoidtear agus a chreachtar ó láithreáin seandálaíochta i limistéir choinbhleachta, agus na ceachtanna a foghlaimíodh in oibríochtaí agus misin an Aontais á gcur san áireamh chomh maith céanna, iarrann an Chomhairle ar an Aontas Eorpach machnamh a dhéanamh ar conas is féidir cúnamh breise a thabhairt do thíortha atá buailte a n-oidhreacht chultúrtha féin a chosaint lena n-áirítear uirlisí agus bearta ábhartha ó Interpol, ó EDC, ó UNESCO agus ó FATF a úsáid.

*e) An t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht Ioslamach arb í an pholaitíocht is cúis leis*

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcáineann sí gach cineál agus cló sceimhlitheoireachta, go bhfuil an sceimhlitheoireacht dochosanta, gan bheann ar aon ghné pholaitiúil, fhealsúnach, idé-eolaíoch, chiníoch, eitneach, reiligiúnach nó ar aon chineál eile a d'fhéadfaí a agairt chun údar a thabhairt leo. Iarrann an Chomhairle go ndíreofaí a thuilleadh agus níos grinne ar idé-eolaíocht Ioslamach antoisceach fhoréigneach. Tá an bhagairt ón antoisceachas foréigneach agus ón sceimhlitheoireacht Ioslamach arb í an pholaitíocht is cúis leis ag fás, lena n-áirítear an bhagairt ó dhreamanna atá i bhfad amach ar an eite dheis agus ar an eite chlé, agus é ag nascadh thar teorainneacha de réir a chéile, go háirithe tríd an idirlíon. Dá bhrí sin iarrann an Chomhairle go mbeadh níos mó rannpháirtíochta ann leis na comhpháirtithe ábhartha faoin tsaincheist sin.
Is éard atá i gceist leis sin idirphlé le tríú tíortha ábhartha agus le cuideachtaí teicneolaíochta domhanda maidir le bealaí chun cur i gcoinne bolscaireacht antoisceach fhoréigneach ar an idirlíon, lena n-áirítear fuathchaint, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha á n-urramú go hiomlán.
Dá bhrí sin, tá an daonlathas, an smacht reachta agus an dea-rialachas fíor-riachtanach chun insintí dearfacha agus modhanna neamhfhoréigneacha a chothú chun aghaidh a thabhairt ar roinnt casaoidí polaitiúla, sóisialta agus eile. Ba cheart cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara, laistigh agus lasmuigh den Aontas, páirt a ghlacadh sa rannpháirtíocht seo ón tús.

*f) Mí-úsáid an idirlín chun críoch sceimhlitheoireachta*

20. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an comhrac i gcoinne mhí-úsáid an idirlín chun críoch sceimhlitheoireachta an-thábhachtach sa chomhrac i gcoinne bolscaireacht sceimhlitheoireachta agus bolscaireacht antoisceach fhoréigneach. I gcomhréir leis an méid sin, athdhearbhaíonn sí an géarghá atá le rialachán Eorpach lena gcoiscfear scaipeadh ábhar neamhdhleathach sceimhlitheoireachta ar líne. Ina theannta sin, cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá le cur chuige il-gheallsealbhóra, ina n-oibríonn an tionscal i gcomhar le rialtais an Aontais agus rialtais tíortha comhpháirtíochta chomh maith leis an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac.

Iarrann an Chomhairle ar thionscal na teicneolaíochta níos mó freagrachta a ghlacadh chuige féin chun cur i gcoinne bolscaireacht sceimhlitheoireachta agus radacú a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht agus aghaidh réamhghníomhach a thabhairt ar ábhar neamhdhleathach ar líne a chosc, a bhrath agus a bhaint anuas, agus cearta an duine á gcosaint ag an am céanna, chomh maith le hearcú agus pleanáil ar a gcuid ardán, agus ba cheart go gcuirfí feabhas ar thrédhearcacht maidir lena n-iarrachtaí chun na críche sin vis-à-vis an pobal agus na rialtais.

I ndáil leis sin, an comhar seanbhunaithe idir Ballstáit an Aontais agus lucht tionscail trí Fhóram Idirlín an Aontais agus an ghníomhaíocht dhomhanda níos déanaí Glao Christchurch chun deireadh a chur le hábhar sceimhlitheoireachta agus ábhar antoisceach foréigneach ar líne, is tionscnaimh iad as ar tháinig dul chun cinn nithiúil agus is túsphointe maith iad le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta. Iarrann an Chomhairle ar na stáit uile nach bhfuil sé déanta acu go fóill tacú leis an tionscnamh sin.

Iarrann an Chomhairle freisin go bhféachfaí conas is féidir leas a bhaint as an gcumarsáid straitéiseach chun feabhas a chur ar iarrachtaí an Aontais an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus conas is féidir leis cur le hiarrachtaí náisiúnta agus réigiúnacha chun aghaidh a thabhairt ar an sceimhlitheoireacht agus chun srian a chur leis an radacú agus an earcaíocht a threisíonn grúpaí antoisceacha.

*g) Teicneolaíochtaí nua*

*21.* Aithníonn an Chomhairle gur féidir mí-úsáid a bhaint as forbairtí teicneolaíochta nua amhail an intleacht shaorga, córais aerárthaí gan foireann (ladrainn), róbataic, biteicneolaíochtaí sintéiseacha, cripti-teicneolaíochtaí, priontáil 3T etc. chun críoch neamhdhlíthiúil, lena n-áirítear críocha sceimhlitheoireachta agus críocha antoisceacha foréigneacha. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí fothú acmhainneachta agus malartuithe le tíortha comhpháirtíochta chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua do sheirbhísí slándála agus chun mí-úsáid teicneolaíochtaí nua ag sceimhlitheoirí a chomhrac.
Tá cur chuige il-gheallsealbhóra agus dlúthchomhar le rialtais, leis an tsochaí shibhialta, leis an saol acadúil agus leis an earnáil phríobháideach, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, fíor-riachtanach. Ina theannta sin, spreagann an Chomhairle tacaíocht leanúnach ón Aontas chun cur le hacmhainneacht na dtíortha comhpháirtíochta aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbainfí mí-úsáid sceimhlitheoireachta as ábhair cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha.

*h) Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta*

22. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá aird ar leith a thabhairt ar íospartaigh sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus go gcaithfear a áirithiú go ndéantar a gcearta a chosaint agus a chur chun cinn bunaithe ar cheithre cholún ríthábhachtacha: cuimhne, dínit, ceartas agus fírinne. Ba cheart don Aontas tacú le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta do thíortha comhpháirtíochta tosaíochta i réimse na tacaíochta d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta. Is féidir le híospartaigh ról fíor-riachtanach a imirt i gcosc na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. Is féidir leo an sceimhlitheoireacht a dhídhlisteanú agus guth tábhachtach a bheith acu ó thaobh cur i gcoinne bolscaireacht sceimhlitheoireachta agus cuntasacht a áirithiú faoi na coireanna a dhéantar ina gcoinne. Thairis sin, tacaíonn an Chomhairle le tionscadail atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar fheabhas a chur ar acmhainneachtaí Bhallstáit na Náisiún Aontaithe cabhrú le híospartaigh na sceimhlitheoireachta, agus creideann sí gur cheart na hiarrachtaí iltaobhacha sa réimse sin a atreisiú agus a léiriú i Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe.

*i) An t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar an radacú*

23. Is é an príomhrud chun bagairt na sceimhlitheoireachta a chosc go ndéileálfaí leis na dálaí foluiteacha atá fabhrach don sceimhlitheoireacht agus don antoisceachas foréigneach agus teorainn a chur le cumas eagraíochtaí sceimhlitheoireachta lucht tacaíochta nua a earcú. Chun aghaidh a thabhairt ar na dálaí foluiteacha, tá cur chuige cuimsitheach ón tsochaí ina iomláine riachtanach lena n-áirítear for-rochtain chomhsheasmhach a dhéanamh chuig daonraí leochaileacha. Is ar an dlúthchomhar leis an óige, le leanaí, le mná, leis an tsochaí shibhialta, le cosantóirí chearta an duine agus le híospartaigh na sceimhlitheoireachta atá an rath bunaithe. Is den ríthábhacht é i gcónaí go mbeidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus i gcosc an antoisceachais fhoréignigh ionas go mbeidh rath ar an gcur chuige sin. Tá sé tábhachtach chomh maith leanúint d'aghaidh a thabhairt ar scaipeadh insintí antoisceacha foréigneacha agus leanúint d'idirphlé idirchreidimh agus idirchultúrtha a chur chun cinn.

Iarrann an Chomhairle go mbeadh rannpháirtíocht níos mó ann le tíortha comhpháirtíochta tosaíochta, lena n-áirítear ar an leibhéal iltaobhach. Athdhearbhaíonn sé go gcaithfidh an tAontas fothú acmhainneachta a sholáthar do thíortha tosaíochta agus do réigiúin tosaíochta, agus aird á tabhairt ar na cúinsí éagsúla agus sonracha agus ar Phleananna Gníomhaíochta náisiúnta agus réigiúnacha, agus fóirithint orthu lena mbeidh uathu chun antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac a shaincheapadh mar dhlúthchuid dá idirphlé fhrithsceimhlitheoireachta le tríú tíortha, i gcomhréir leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019.

*j) Cur chuige inscne-fhreagrúil agus cumhachtú na mBan*

24. Aithníonn an Chomhairle gur féidir díriú go háirithe ar mhná agus iad a chur i mbaol a bheith ina n-íospartaigh, lena n-áirítear trí fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, mar chuspóirí straitéiseacha na ngrúpaí sceimhlitheoireachta. Tá an baol ann go n-iompófaí roinnt ban ina ndéantóirí coire agus/nó ina n-éascaitheoirí sceimhlitheoireachta agus radacaithe.

Is gá cur chuige inscne-fhreagrúil chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc, ina gcuirtear éagsúlacht na taithí san áireamh, chun torthaí inbhuanaithe a bhaint amach, agus is gá leanúint de rannpháirtíocht ghníomhach fhóinteach na mban a chur chun cinn in iarrachtaí chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac. Treisítear an athléimneacht i gcoinne earcaíocht a dhéanann sceimhlitheoirí trí aghaidh a thabhairt ar dhálaí foluiteacha na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, trí thacú leis an gcomhionannas idir fir agus mná, le hoideachas agus le cumhachtú polaitiúil agus eacnamaíoch, agus tríd an rochtain ar cheartas a fheabhsú.

Ina theannta sin, spreagann an Chomhairle na Ballstáit chun tacú le taighde sa réimse sin agus torthaí a chur san áireamh agus beartais, gníomhaíochtaí agus cúnamh á gceapadh acu do thíortha comhpháirtíochta.

*k) Béim ar an Óige*

25. Is den ríthábhacht é deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga athléimneacht a neartú i gcoinne an radacaithe a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht. Ní mór aird bhreise a thabhairt ar an oideachas, ar an ngairmoiliúint, ar chruthú post agus ar an gcuimsitheacht chun daoine óga a chumhachtú chun a dtodhchaí féin a chinneadh. Ba cheart cláir chun caidreamh a chothú idir daoine óga ó gach cearn den Mheánmhuir a neartú tuilleadh, lena n-áirítear trí na cláir atá ann cheana a leathnú.

*l) Córais Smachtbhannaí Frithsceimhlitheoireachta*

26. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá córais smachtbhannaí láidre agus éifeachtacha sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta. Is den ríthábhacht iad urraim do chearta bunúsacha an duine agus ráthaíochtaí maidir le próis chuí ar mhaithe le hinchreidteacht agus éifeachtacht na mbeart sriantach.
Tá rún daingean ag an Aontas leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil leis sin. Is díol sásaimh don Chomhairle an méid suntasach atá déanta ag Oifig an Ombudsman de chuid na Náisiún Aontaithe chun cothroime agus trédhearcacht a thabhairt isteach sa chóras smachtbhannaí i gcás Da'esh agus al-Qaeda ón uair a bunaíodh í.

*m) Spás Daonnúil*

27. Á meabhrú di a conclúidí an 25 Samhain 2019 maidir le cúnamh daonnúil agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus i gcomhréir le Rún 2462 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, aithníonn an Chomhairle gur gá an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag bearta frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear smachtbhannaí, ar ghníomhaíocht dhaonnúil, a chur san áireamh. Iarrann an Chomhairle go seachnófaí aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag bearta frithsceimhlitheoireachta ar ghníomhaíochtaí iomlán daonnúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí leighis, a dhéanann gníomhaithe daonnúla neamhchlaonta agus iad ag cloí go hiomlán le prionsabail dhaonnúla agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Chuige sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta i gcónaí an spás daonnúil a chaomhnú, lena n-áirítear inter alia trí dhea-chleachtais a fhorbairt agus trí bhearta maolaitheacha iomchuí a ghlacadh.

*Naisc idir an Choireacht Eagraithe agus an Sceimhlitheoireacht*

28. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá faireachán leanúnach agus freagra éifeachtach ar an mbagairt a eascraíonn as na naisc idir an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht. Is gá an comhar idirnáisiúnta a neartú, i gcomhréir leis an gcreat dlí is infheidhme, chun an malartú faisnéise agus an comhar a fheabhsú idir na húdaráis frithsceimhlitheoireachta, na húdaráis forfheidhmithe dlí, na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis rialaithe teorann. Áirítear leis sin rioscaí slándála na nasc sna príosúin idir an choireacht eagraithe agus na príosúnaigh ar sceimhlitheoirí iad a mhaolú. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá Rún 2482 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ina n-aithnítear roinnt nasc éagsúil a d'fhéadfadh a bheith ann idir an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht chomh maith leis na frithbhearta iomchuí.

*o) Spásanna Poiblí, Bonneagar Criticiúil agus Eitlíocht a Chosaint ó Bhagairtí Sceimhlitheoireachta*

29. Is minic a dhírítear ionsaithe sceimhlitheoireachta ar limistéir phoiblí amhail scoileanna, óstáin, ionaid siopadóireachta, imeachtaí cultúrtha agus spóirt, limistéir phlódaithe, moil iompair agus, go háirithe, ionaid adhartha. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas leanúint de chúnamh a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta áiteanna den sórt sin a chosaint. Is ionann sin, *inter alia*, agus tionscadail a mhaoiniú agus malartú dea-chleachtais agus treorach a reáchtáil, lena n-áirítear trí líonraí a éascú. Is gá freisin feasacht shaoránaigh an Aontais a mhéadú agus iad ag taisteal go hidirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle freisin ar an Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhothú acmhainneachta sna tíortha comhpháirtíochta chun cosaint a thabhairt do bhonneagair chriticiúla agus d'athléimneacht na líonraí a sholáthraíonn seirbhísí criticiúla i raon earnálacha.

*p) Fothú Acmhainneachta*

30. Iarrann an Chomhairle go mbeadh nasc níos láidre fós ann idir na príomh-shaincheisteanna trasearnálacha a leagtar amach thuas agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta do thíortha comhpháirtíochta. Ó 2015 i leith, tá méadú faoi thrí tagtha ar an maoiniú a thugann an tAontas do thionscadail sheachtracha frithsceimhlitheoireachta agus tionscadail chun antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, agus is ionann an maoiniú sin agus thart ar EUR 465 milliún ag deireadh 2019. Ina theannta sin, is uirlisí tábhachtacha iad measúnuithe tionchair chun gníomhaíocht sa todhchaí a threorú.

Nuair is ann dóibh, ba cheart do líonra na saineolaithe frithsceimhlitheoireachta/slándála i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais ról tábhachtach a imirt i ngníomhaíochtaí spriocdhírithe fothaithe acmhainneachta a fhorbairt a thuilleadh i gcomhordú le deontóirí eile, agus chun comhar a neartú le Ballstáit de chuid an Aontais.

Ag an am céanna, ní mór don Aontas dearcadh níos leithne a fháil maidir leis an gcúnamh foriomlán a thugann sé do na faighteoirí céanna, lena n-áirítear trí mhisin agus oibríochtaí CBSC, ar féidir leo ról a imirt chun an t-antoisceachas foréigneach agus an radacú a chosc, agus i réimsí nach mbaineann leis an tslándáil, a rannchuidíonn go minic le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bhfeiniméan sin.

***Comhar idirnáisiúnta***

31. Á meabhrú di a conclúidí maidir leis an ngníomhaíocht chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe a neartú, a glacadh an 17 Meitheamh 2019, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór leanúint de bheartais agus bearta frithsceimhlitheoireachta a chur chun cinn go gníomhach, iad bunaithe ar an smacht reachta agus ar an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe.

32. Leanfaidh an tAontas go diongbháilte dá chomhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt agus a neartú leis na gníomhaithe atá chun tosaigh ar fud an domhain sa réimse seo, na Náisiúin Aontaithe go háirithe. Leanfaidh sé de chomhar agus comhordú a shaothrú le roinnt comhpháirtithe agus eagraíochtaí, tionscnaimh agus ardáin iltaobhacha eile idirnáisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe le príomhghníomhaithe amhail ECAT, mar a comhaontaíodh in 2017 sa tsraith chomhchoiteann de thograí nua idir an tAontas agus ECAT, Comhairle na hEorpa agus ESCE.
Is comhalta é an tAontas den Fhóram Frithsceimhlitheoireachta Domhanda agus na hinstitiúidí a spreag sé (an Ciste Domhanda do Rannpháirtiú agus d'Athléimneacht an Phobail, Ionad Hedayah agus an Institiúid Idirnáisiúnta don Cheartas agus don Smacht Reachta) agus an Chomhghuaillíocht Dhomhanda in aghaidh Da'esh agus a cuid meithleacha. Déanfaidh an tAontas a rannpháirtíocht leis an dá eintiteas araon a chothabháil agus cuirfidh sé dlús léi.
Mar chomhphobal riailbhunaithe náisiún, ba cheart don Aontas féachaint comhpháirtíochtaí a neartú le tíortha ar aon intinn leis agus, i gcás inarb iomchuí agus le hurraim chuí do chreat institiúideach an Aontais, deiseanna a fhiosrú chun comhpháirtíochtaí nua a chruthú.

33. Leis an obair iltaobhach, déthaobhach agus réigiúnach sin ba cheart go gcuideofaí le feasacht chomhpháirteach ar dhálaí, comhar oibríochtúil agus comhordú deontóirí a éascú idir na Ballstáit agus le raon leathan gníomhaithe neamh-Aontais araon. Agus neartú breise for-rochtana, comhair agus comhordaithe á saothrú le príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha an Aontais, tugann an Chomhairle dá haire freisin a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí rannpháirtíocht a dhéanamh le gníomhaithe ábhartha domhanda agus réigiúnacha eile, de réir mar is iomchuí, chun leasanna straitéiseacha an Aontais a shaothrú.

***Conclúidí ón gComhairle a chur chun feidhme agus obair leantach bhreise a dhéanamh***

34. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór struchtúr agus gníomhaíocht sheachtrach frithsceimhlitheoireachta an Aontais a atreisiú ar bhonn leanúnach agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach thuas, agus leas a bhaint as gach modh atá ar fáil sna hinstitiúidí, seirbhísí agus réimsí beartais inmheánacha agus seachtracha d'fhonn sineirgí a uasmhéadú.

35. Iarrann an Chomhairle ar chomhlachtaí ábhartha an Aontais leanúint de shineirge a neartú agus comhordú a fheabhsú idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha na frithsceimhlitheoireachta agus idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit, agus ord tosaíochta a áirithiú agus conclúidí ábhartha ón gComhairle á gcur chun feidhme. Tá an Chomhairle ag tnúth le Straitéis an Aontais Slándála atá ar na bacáin agus leis an gclársceidealú faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (2021-2027).

36. Measann an Chomhairle gur gá athmheastóireacht a dhéanamh go tréimhsiúil ar a treoir straitéiseach maidir le gnéithe seachtracha ghníomhaíocht an Aontais i ndáil leis an bhfrithsceimhlitheoireacht. Ba cheart dó sin cur leis na torthaí a baineadh amach i ndáil le cur chun feidhme na gconclúidí sin agus ba cheart é a bhunú ar mheasúnuithe ar bhagairtí nua ón sceimhlitheoireacht agus ón radacú a ghineann an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht.

---